RIALACHÁN (AE) 2022/709 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2022

lena ndiúltaítear maíomh i dtaca le sláinte a dhéantar i leith bianna a údarú agus lena dtagraítear d'fhorbairt agus sláinte leanaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh maidir le cothú agus le sláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, tá toirmeasc ar mhaímh shláinte a dhéantar maidir le bianna ach amháin má tá siad údaraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán sin agus go n-áirítear iad i liosta de mhaímh atá ceadaithe.

(2) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 freisin go bhféadfaidh oibreoirí gnólachtaí bia iarratais ar údaruithe i leith maímh maidir le sláinte a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta Ballstáit. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí ar aghaidh chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás").

(3) Tar éis don Údarás iarratas a fháil, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill, agus tabharfaidh sé tuairim ar an maíomh maidir le sláinte lena mbaineann.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaca le húdarú a thabhairt don mhaíomh sláinte agus an tuairim ón Údarás á cur san áireamh aige.

(5) Tar éis iarratas a fháil ó H.J. Heinz Supply Chain Europe BV, iarratas a cuireadh isteach de bhun Airteagal 14(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, ceanglaíodh ar an Údarás tuairim a thabhairt maidir le maíomh sláinte a bhaineann le Nutrimune agus le cosaint imdhíonach i gcoinne pataiginí sa chonair gastraistéigeach agus sa chonair riospráide uachtarach (Ceist Uimh. EFSA-Q-2018-00727). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "Tacaíonn Nutrimune leis an gcóras imdhíonachta i gcoinne pataiginí i gconair riospráide uachtarach agus conair gastraistéigeacha leanaí óga".

(6) An 15 Aibreán 2019, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ón Údarás ([2]) inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nach leor an fhianaise eolaíoch chun ceangal cúise agus éifeachta a bhunú idir caitheamh Nutrimune, bainne bó bearrtha paistéartha a coipeadh le *Lactobacillus paracasei* CBA L74), agus an chosaint imdhíonach i gcoinne pataiginí sa chonair gastraistéigeach agus sa chonair riospráide uachtarach de leanaí óga. Dá réir sin, ós rud é nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní déanfar an maíomh maidir le sláinte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh i liosta an Aontais de mhaímh cheadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.

([2]) EFSA Journal [*Iris EPSA*], 2019;17(4):5656.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Maíomh maidir le sláinte a diúltaíodh

Cur i bhfeidhm – Forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006	Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bia	Maíomh	Tagairt na tuairime ó EFSA
Airteagal 14(1), pointe (b), maíomh i leith sláinte a thagraíonn d'fhorbairt agus do shláinte leanaí	Nutrimune (bainne bó bearrtha paistéartha a coipeadh le *Lactobacillus paracasei* CBA L74)	Tacaíonn Nutrimune leis an gcóras imdhíonachta i gcoinne pataiginí i gconairí riospráide uachtaracha agus gastraistéigeacha leanaí óga	Q-2018-00727